An Roinn Oideachais
Department of Education

# Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht Plean Forfheidhmithe 2023-2027




Anakha

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Aire Norma Foley TD | 4 |
| Réamhrá ón Ard-Rúnaí Bernie Mc Nally | 5 |
| Réamhrá | 6 |
| Rath a Thomhas | 8 |
| 1: Cultúr agus Timpeallacht | 9 |
| 2: Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) | 17 |
| 3: Polasaí agus Pleanáil | 27 |
| 4: Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí | 32 |
| Giorrúcháin | 38 |






# Réamhrá ón Aire Norma Foley TD

Ar an drochuair, is féidir le heispéireas bulaíochta a n-áthas agus a sonas a sciobadh ó leanbh nó ó dhuine óg agus is minic a dhéanann sé díobháil dóibh a leanfaidh ar feadh a saoil. Is mar gheall air sin a chaithfimidne san oideachas a bheith réamhghníomhach agus bearta uaillmhianacha a dhéanamh chun bulaíocht de gach cineál a chosc agus dul i ngleic léi. *Plean gníomhaíochta is ea Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* atá tiomanta dó sin a dhéanamh agus oibriú le chéile mar earnáil chun bulaíocht a chosc inár bpobail scoile agus a chinntiú go bhfuil meas ar an éagsúlacht aonair agus go ndéantar í a cheiliúradh i scoileanna.

Glacann an plean cur chuige oideachais uile maidir le dul i ngleic leis an mbulaíocht, cur chuige ina leagtar béim ar chosc, tacaíocht, maoirseacht agus pobal. Tá sé de fhreagracht orainn go léir dul i ngleic le sciúirse na bulaíochta agus ní mór é sin a léiriú inár ndearcthaí, inár smaointe, inár mbriathra agus inár ngníomhaíochtaí ó lá go lá.

Léiríonn an plean forfheidhmithe seo tiomantas mo Roinnse maidir le gach ceann de na 61 beart atá in Cineáltas a chur i bhfeidhm sna cúig bliana atá amach romhainn. Tá an plean tiomanta do réimse leathan de bhearta nuálacha agus praiticiúla chun dul i ngleic le bulaíocht, lena n-áirítear nósanna imeachta nua maidir le bailiú sonraí agus maoirseacht, ábhar nua curaclaim chun tionchair dhiúltacha na bulaíochta a theagasc do scoláirí agus an tábhacht a bhaineann le hiompar sábháilte ar líne agus córas nua aitheantais do scoileanna a bhfuil cleachtais frithbhulaíochta á leabú acu.

Bunófar Grúpa Forfheidhmithe agus Measúnachta chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na mbeart agus ar fhoilsiú na dtuarascálacha bliantúla ar fhorfheidhmiú agus ar mheasúnacht a gcuirfidh aiseolas ó leanaí agus ó dhaoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile, comhpháirtithe oideachais, príomhpháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí ábhartha bonn eolais fúthu.

Cuirtear ár leanaí agus ár ndaoine óga ag croílár Cineáltas. Creidim go gcuirfidh forfheidhmiú na mbeart in Cineáltas faoi mar atá léirithe sa phlean forfheidhmithe seo go mór leis an obair atá á déanamh againn cheana féin lena chinntiú go gcoinnítear na leanaí agus na daoine óga go léir atá ag freastal ar ár scoileanna sábháilte ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár leanaí agus ár ndaoine óga chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn.

**Norma Foley TD**
**An tAire Oideachais**





# Réamhrá ón Ard-Rúnaí Bernie Mc Nally

Tá na bearta in *Cineáltas*: *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* fairsing agus uaillmhianach agus nuair a dhéanfar iad a fhorfheidhmiú sna cúig bliana seo amach romhainn cabhróidh siad le feabhas a chur ar fhorbairt scoileanna iomchuimsitheacha ina mothóidh leanaí, daoine óga agus baill foirne muintearas agus go bhfuil siad sábháilte, nasctha agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu.

De bhrí go bhfuil Cineáltas fréamhaithe in *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne* agus i gcur chuige oideachais uile EOECNA maidir le bulaíocht agus cibearbhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, aithníonn an Roinn an tábhacht a bhaineann le cur chuige ilghnéitheach maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis. Mar thoradh ar an gcur chuige sin, ní mór dúinn féachaint ar an mbulaíocht ó roinnt dearcthaí éagsúla; is gá dúinn díriú ar chosc, tacaíocht a chur ar fáil do gach pobal scoile, feabhas a chur ar mhaoirseacht agus ar fheasacht ar gach leibhéal agus oibriú le chéile mar phobal agus comhpháirtíocht agus Cineáltas níos mó eadrainn.

Is gá dúinn machnamh a dhéanamh ar ár luachanna mar dhaoine aonair agus le chéile. Cabhraíonn luachanna amhail cineáltas, comhbhá agus ionracas chun muid a mhúnlú mar dhaoine agus dul i bhfeidhm ar ár n-iompar. Is féidir lenár luachanna cabhrú linn chun tuiscint a fháil ar an dochar is féidir leis an mbulaíocht a dhéanamh agus conas iompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Is féidir lenár luachanna cabhrú linn chun oibriú le chéile agus na bearta atá in Cineáltas a chur i bhfeidhm. Táim ag tnúth go mór le ceannas a ghlacadh ar an obair seo agus an plean forfheidhmithe seo a thabhairt chun críche.

Bernie McNally
Ard-Rúnaí



# Réamhrá

*Is é Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* cur chuige oideachais uile na hÉireann chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna. Cuireann Cineáltas leis na gnóthachtálacha agus le huaillmhian an Phlean ar an mBulaíocht a bhí ann roimhe seo agus a foilsíodh in 2013 agus an obair a rinneadh le blianta beaga anuas lena chinntiú gur áiteanna sábháilte agus sona a bheadh inár scoileanna dár leanaí agus dár ndaoine óga go léir á cur san áireamh.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh i mí Mheán Fómhair 1992. Nuair a rinneamar é sin, thugamar gealltanas go ndéanfaimis cearta leanaí a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh. Cuireann an bhulaíocht as do na cearta seo a leanas de chuid an linbh:

> An ceart chun saoirse nochtaithe tuairime (Airteagal 13)
> An ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin (Airteagal 14)
> An ceart chun saoirse comhlachais agus chun saoirse comhthionóil shíochánta (Airteagal 15)
> An ceart chun príobháideachais (Airteagal 16)
> An ceart chun cosaint a fháil ó gach cineál mí-úsáide agus faillí (Airteagal 19)
> An ceart an caighdeán is airde sláinte is féidir a bheith ar fáil dó nó di (Airteagal 24)
> An ceart chun oideachas a fháil (Airteagal 28)
> An ceart chun a c(h)ultúr, a c(h)reideamh nó a t(h)eanga féin a bheith aige nó aici (Airteagal 30)

Cuideoidh feidhmiú na mbeart atá in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* lenár leanaí agus lenár ndaoine óga fás suas i sochaí ina dtugtar cosaint do na cearta sin.

Tá Cineáltas dírithe ar bhulaíocht ar líne agus as líne a chosc agus dul i ngleic léi, lena n-áirítear bulaíocht bunaithe ar chiníochas, féiniúlacht inscne nó ciapadh gnéasach, i measc réimsí eile, i scoileanna.

D'fhorbair an Roinn Oideachais Cineáltas i gcomhar le Coiste Stiúrtha éagsúil agus tiomnaithe faoi cheannas an Dr Noel Purdy ó Choláiste Ollscoile Stranmillis i mBéal Feirste. Chuir tuairimí leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile, comhpháirtithe oideachais agus daoine aonair ón bpobal bonn eolais faoi Cineáltas agus éiríonn leis na scoláirí a chur ag croílár an phlean.

Bhain *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* leas as *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* agus as cur chuige oideachais uile Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA), chomh maith le taighde agus dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta chun straitéis láidir a fhorbairt ina gcuirtear an scoláire ag croílár phobal na scoile agus ag croílár na forbartha ar straitéis agus ar pholasaí náisiúnta oideachais.

Chuir próiseas forleathan comhairliúcháin bonn eolais faoi *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.

> Cuireadh breis agus 50 cur i láthair faoi bhráid an choiste stiúrtha
> Fuarthas breis agus 4,600 freagra ar cheistneoir an chomhairliúcháin phoiblí
> Fuarthas 78 aighneacht mar fhreagairt don iarratas poiblí ar aighneachtaí
> Ghlac 41 ball d'fhoirne scoile agus de bhoird bhainistíochta páirt i bhfócasghrúpaí scoile
> Chuathas i gcomhairle le 170 leanbh agus duine óg, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, leanaí de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, leanaí ón Úcráin agus dídeanaithe

Tá *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* fréamhaithe sna ceithre phríomhphrionsabal seo a leanas:

> Cosc: Trí chomhbhá a ghiniúint agus oiliúint a chur ar fáil a sholáthraíonn bunchloch don eolas, don mheas, don chomhionannas agus don ionchuimsitheacht
> Tacaíocht: Tacaíochtaí inbhraite agus spriocdhírithe atá bunaithe ar chontanam riachtanas agus a sholáthraíonn creat do phobail scoile chun oibriú le chéile
> Maoirseacht: Cruthaíonn ceannaireacht shofheicthe timpeallachtaí dearfacha do leanaí agus do dhaoine óga agus do gach ball dár bpobal scoile
> Pobal: Pobail scoile ionchuimsitheacha a thógáil atá nasctha leis an tsochaí agus a thacaíonn le caidreamh agus comhpháirtíochtaí dearfacha agus a chothaíonn iad

Tá 61 beart in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, a bhfuil sé mar aidhm acu cabhrú linn go léir oibriú le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá éagsúil, ionchuimsitheach agus saor ó bhulaíocht de gach cineál, ar sochaí í ina bhfuil meas ar an éagsúlacht aonair agus ina ndéantar í a chothú agus a cheiliúradh agus inar féidir lenár leanaí agus lenár ndaoine óga go léir mothú sona agus sábháilte inár scoileanna. Tá siad sin rangaithe faoi cheithre phríomhréimse i gcomhair chur chun cinn na folláine:

> Cultúr agus Timpeallacht
> Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)
> Polasaí agus Pleanáil
> Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

Léiríonn an Plean Forfheidhmithe seo tiomantas na Roinne maidir le gach ceann de na 61 beart atá in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a fhorfheidhmiú sna cúig bliana seo amach romhainn.

Bunófar grúpa forfheidhmithe agus foilseoidh sé tuarascálacha bliantúla ar fhorfheidhmiú agus ar mheasúnacht a gcuirfidh aiseolas ó leanaí agus ó dhaoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile, comhpháirtithe oideachais, príomhpháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí ábhartha bonn eolais fúthu. De bharr an aiseolais sin, beifear ábalta athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus coigeartuithe a dhéanamh ar an bplean forfheidhmithe de réir mar is cuí.



# Rath a Thomhas

Léireoidh roinnt beart feidhmiú rathúil Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Guth agus rannpháirtíocht níos mó a bheith ag leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí i dtaca le polasaí a fhorbairt agus a fheidhmiú ar leibhéal na scoile agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear i dtaca le bearta a fhorbairt agus a fheidhmiú chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna
- Comhairlí na Scoláirí agus foirne scoile a léiríonn éagsúlacht phobal na scoile
- Go mbeadh gach scoil páirteach i gcur chuige na féinmheastóireachta scoile maidir le folláine a chur chun cinn
- Nósanna imeachta frithbhulaíochta do scoileanna a thacaíonn le pobal na scoile chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, soláthar a dhéanamh do chórais fheabhsaithe maidir le tuairisciú agus maoirseacht agus tacú le scoileanna chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na bearta atá i bhfeidhm ag an scoil chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi
- Eolas inrochtana a sholáthar maidir le tacaíochtaí chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi do leanaí agus do dhaoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile
- Go mbeadh cláir forbartha gairmiúla á soláthar d'fhoireann uile na scoile chun cur lena n-eolas, lena scileanna agus lena muinín chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus chun cothromas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn
- Curaclam atá cothrom le dáta ina gcuimsítear bearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus chun cothromas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn
- Cultúir dhearfacha a leabú i scoileanna mar a léirítear ó thuairiscí cigireachta atá foilsithe, taighde, dearbhuithe maidir le cultúr agus luachanna na scoile agus aiseolas ó leanaí agus ó dhaoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile
- Aitheantas a thabhairt do chleachtais éifeachtacha i scoileanna chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi trí chlár gradam Cineáltas
- Sonraí náisiúnta a thiomsú i dtaca le forleithne na bulaíochta agus bearta atá rathúil maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi
- Polasaí a gcuireann taighde bonn eolais faoi, forbairt ghairmiúil agus feachtais chun feasacht a mhúscailt chun gach cineál bulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi




Labhair faoi thionchair na bulaíochta


Breis múinteoirí sa chlós

Úsáid a bhaint as eachtraí bulaíochta roimhe seo/fianaisí uathu siúd a raibh tionchar ag na heachtraí sin orthu mar threoir chun bulaíocht a aithint. É sin a bheith scríofa isteach sa pholasaí

Duine fásta ar féidir leis/léi labhairt leat faoi rud ar bith






Breis ceardlann oideachais do scoláirí ach do dhaoine fásta freisin – foghlaim faoi gach ábhar ach faoi chiníochas freisin

Machnamh gach lá chun gach duine a shocrú síos

# Treochlár na Roinne Oideachais chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

## PRÍOMHRÉIMSÍ NA FOLLÁINE

Cultúr agus Timpeallacht

Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Polasaí agus Pleanáil

Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

## COSC

Is iad oideachas agus giniúint na comhbhá na bunchlocha don eolas, don mheas agus don ionchuimsitheacht

## TACAÍOCHT

Soláthraíonn tacaíochtaí inbhraite agus spriocdhírithe creat do phobail scoile chun oibriú le chéile



## POBAL
Le pobail scoile ionchuimsitheacha atá nasctha forbraítear caidreamh agus comhpháirtíochtaí dearfacha

## MAOIRSEACHT
Spreagann ceannaireacht shofheicthe timpeallachtaí dearfacha do leanaí agus don phobal scoile



# 1 | Cultúr agus Timpeallacht



Má chruthaítear cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach soláthraítear spás ina mothaíonn leanaí, daoine óga agus an fhoireann muintearas agus go bhfuil siad sábháilte, ceangailte agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu.



## 1: Cultúr agus Timpeallacht

Tacóidh forfheidhmiú na mbeart atá rangaithe faoi Chultúr agus Timpeallacht le cultúr scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach a chruthú i scoileanna, ar cultúr é ina mothóidh leanaí, daoine óga agus baill foirne muintearas agus ina mothóidh siad sábháilte, nasctha agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu.


Is féidir lenár luachanna cabhrú linn go léir oibriú le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá cothrom, ionchuimsitheach agus atá saor ó bhulaíocht de gach cineáil, ar sochaí í ina bhfuil meas ar éagsúlacht aonair agus ina ndéantar í a cheiliúradh. Má dhéantar Dearbhú maidir le Cultúr agus Luachanna na Scoile, Cairt Cineáltas, a fhorbairt agus ionchur ó phobal uile na scoile ann, tacóidh sé le scoileanna chun glacadh le córas luachanna a bhuntacaíonn le cruthú cultúir agus timpeallachta scoile atá sábháilte, nasctha agus tacúil. Cuirfidh próiseas aitheantais, amhail bratach Cineáltas, le feasacht ar an tábhacht a bhaineann le Dearbhú maidir le Cultúr agus Luachanna na Scoile a leabú i ngach gné de shaol na scoile.


Tá ról an-luachmhar ag foirne tacaíochta scoláirí maidir le tacú le leas agus folláine scoláirí in iar-bhunscoileanna. Tá gealltanais shoiléire in Cineáltas chun tacú leis na hiar-bhunscoileanna go léir maidir le foirne tacaíochta scoláirí a bhunú, chun treoir a fhorbairt do bhunú foirne tacaíochta scoláirí i mbunscoileanna móra agus a chinntiú go lorgaíonn foirne tacaíochta scoláirí guth agus rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus a gcuid tuismitheoirí go gníomhach. Cuirfidh forfheidhmiú na mbeart seo go mór leis an ról atá ag leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí maidir le tacú le leas agus folláine leanaí agus daoine óga i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Nuair a bhí Cineáltas á fhorbairt, tharraing mórán páirtithe leasmhara aird ar an ról luachmhar a d'fhéadfadh a bheith ag foirne scoile maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Cuimsíonn an ról sin iompar a léiriú atá bunaithe ar na luachanna eiticiúla a bhaineann le meas, ionracas, cúram agus iontaoibh agus caidreamh measúil a bhunú le leanaí agus le daoine óga.

Tá ról fíorthábhachtach ag Cigireacht na Roinne maidir le tacú le scoileanna chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi trí chuairteanna comhairleacha um fhéinmheastóireacht scoile agus trí chláir chigireachta. Ó mhí Eanáir 2023 ar aghaidh, beidh seiceálacha frithbhulaíochta ina ndírítear ar chomhlíonadh agus ar chultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach a chur chun cinn san áireamh i ngach samhail chigireachta. Chun cur leis sin, tá samhail chigireachta á forbairt ag an gcigireacht, ar samhail í a dhéanfaidh measúnú ar a mhéid atá straitéisí cuí i bhfeidhm ag scoil chun folláine a chur chun cinn, bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus cultúr scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn.

Ag teacht le tiomantas na Roinne maidir le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i bpolasaithe agus i gcinntí a bhfuil tionchar acu orthu a chur chun cinn, éascóidh sonraí a bhailítear ón tsamhail nua chigireachta chun measúnú a dhéanamh ar chur chun cinn na folláine i scoileanna foilsiú na tuarascála bliantúla ar thuairimí leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí maidir leis an gcaoi a gcoisceann a scoil bulaíocht agus a dtéann sí i ngleic léi agus úsáid á baint as sonraí ó shuirbhéanna agus ó fhócasghrúpaí.





| Cultúr agus Timpeallacht | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir:** Cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach a chruthú, ar cultúr a sholáthraíonn spás ina mothóidh leanaí, daoine óga agus baill foirne muintearas agus ina mothóidh siad sábháilte, nasctha agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu. | | |
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 1.1 | Beidh ar scoileanna Dearbhú maidir le Cultúr agus Luachanna na Scoile a sholáthar, ar dearbhú é atá inrochtana, Cairt Cineáltas, ina dtugtar breac-chuntas ar chultúr agus ar luachanna na scoile agus ar an mbealach ar féidir leo a bheith mar chabhair chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, ar bhealach aoisoiriúnach. San áireamh sa dearbhú beidh, mar shampla, fócas na scoile ar fháilte, ionchuimsitheacht agus folláine. Cuirfidh an Roinn Oideachais treoir ar fáil do scoileanna maidir le forbairt agus forfheidhmiú an dearbhaithe sin ina mbeidh ionchur ag pobal uile na scoile. | Ráithe 4 2023<br><br>Treoir le heisiúint chuig scoileanna maidir le forbairt agus feidhmiú chairt Cineáltas.<br><br>Ráithe 2 2024<br><br>Na scoileanna go léir chun a nDearbhú maidir le Cultúr agus Luachanna na Scoile a fhorbairt agus a fhoilsiú. |
| 1.2 | Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt ar phróiseas aitheantais, amhail brat Cineáltas, do scoileanna a dhéanann bearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. | Ráithe 1 2024-Ráithe 2 2024<br><br>Beart scóipe maidir le próiseas aitheantais a reáchtáil.<br><br>Ráithe 3 2024-Ráithe 4 2027<br><br>Próiseas aitheantais do scoileanna a fheidhmiú. |
| 1.3 | Beidh ar gach iar-bhunscoil Foirne Tacaíochta do Scoláirí a bheith acu mar chuid de phróiseas na scoile chun folláine a chur chun cinn. Beidh bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi san áireamh sa chúram a leagfar orthu. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Tacú leis na hiar-bhunscoileanna go léir chun Foirne Tacaíochta Scoláirí a bhunú. |
| 1.4 | Spreagfar Foirne Tacaíochta Scoláirí chun leas a bhaint as forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) chun tacú lena gcleachtas éifeachtach maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br><br>FGL agus/nó tacaíocht ionscoile á soláthar d'iar-bhunscoileanna ag síceolaithe ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) chun tacaíocht a thabhairt dá bhFoirne Tacaíochta Scoláirí agus/nó iad a fhorbairt. |

| Cultúr agus Timpeallacht | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 1.5 | Cuirfidh an Roinn Oideachais treoir shonrach ar fáil do scoileanna faoin mbealach a ndéanfaidh Foirne Tacaíochta Scoláirí guth agus rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí a lorg go gníomhach. | Ráithe 3 2023-Ráithe 3 2024<br><br>Treoir a fhorbairt d'Fhoirne Tacaíochta Scoláirí in iar-bhunscoileanna maidir le conas guth agus rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí a lorg go gníomhach. |
| 1.6 | Déanfaidh an Roinn Oideachais treoir a fhorbairt chun samhail den Fhoireann Tacaíochta Scoláirí a bhunú i mbunscoileanna móra. | Ráithe 3 2023-Ráithe 4 2024<br><br>Clár píolótach d'fhoirne tacaíochta scoláirí a reáchtáil i mbunscoileanna móra chun bonn eolais a chur faoi fhoilsiú treoirlínte do bhunscoileanna.<br><br>Ráithe 4 2024-Ráithe 4 2025<br><br>Dul i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le treoir a fhorbairt.<br><br>Ráithe 4 2025<br><br>Treoirlínte do Bhunscoileanna móra a fhoilsiú. |
| 1.7 | Tacóidh an Roinn Oideachais le scoileanna chun ról duine ainmnithe a shannadh chun folláine a chur chun cinn agus go háirithe, chun ceannaireacht a thabhairt maidir le bearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna mar chuid d'fhoireann ceannaireachta na scoile i gcomhréir leis na ciorcláin chuí ón Roinn do shealbhóirí poist. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Tacú le ceannairí scoile agus le sealbhóirí poist ainmnithe chun ceannas a ghlacadh ar bhearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. |



| Cultúr agus Timpeallacht | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 1.8 | Tacóidh an Roinn Oideachais le scoileanna chun páirt a ghlacadh i gcur chuige na féinmheastóireachta scoile maidir le folláine a chur chun cinn, lena n-áirítear bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, ag teacht le *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* na Roinne. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Tacaíochtaí agus acmhainní a sholáthar do scoileanna tríd SNSO agus an Oifig Folláine chun cabhrú leo agus a bpróiseas um chur chun cinn na folláine á athbhreithniú acu.<br><br>Tacú le rannpháirtíocht scoileanna le Féinmheastóireacht Scoile (FMS) chun Folláine a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. |
| 1.9 | Spreagfaidh an Roinn Oideachais gach scoil chun leas a bhaint as FGL na Folláine de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), chun tacú leo agus iad ag tabhairt faoin gcur chuige scoile uile maidir le cur chun cinn na folláine mar atá léirithe i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* na Roinne. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2025<br><br>Leanúint de bheith ag feidhmiú FGL ar bhonn céimneach, chun tacú le feidhmiú an *Ráitis Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* i ngach scoil faoin mbliain 2025. |
| 1.10 | Beidh measúnú ar phríomhghnéithe na nósanna imeachta frithbhulaíochta do scoileanna san áireamh i Meastóireachtaí Scoile Uile (MSUanna), lena n-áirítear a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tionscnaimh chuí i bhfeidhm ag an scoil chun cultúr scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn. Beidh an Chigireacht i dteagmháil ar bhonn leanúnach le scoileanna ina dtagann fadhbanna maidir le neamhchomhlíonadh chun cinn nó go mbeidh an scoil comhlíontach. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Seiceálacha sonracha maoirseachta a reáchtáil i gcigireachtaí scoile uile maidir le feidhmiú na nósanna imeachta frithbhulaíochta.<br><br>Gach cás ina bhfuil neamhchomhlíonadh na nósanna imeachta maidir le bulaíocht a thaifeadadh agus a fhiosrú tuilleadh nó go mbeidh an fhadhb réitithe agus go mbainfear comhlíonadh iomlán amach. |

| Cultúr agus Timpeallacht | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 1.11 | Ullmhóidh Cigireacht na Roinne tuarascáil bhliantúil ar thuairimí leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí maidir leis an mbealach a gcuireann a scoil féin cosc ar bhulaíocht agus a dtéann sí i ngleic léi, agus úsáid á baint as sonraí ó shuirbhéanna agus ó fhócasghrúpaí ina mbeidh samplaí den dea-chleachtas agus réimsí ina bhféadfadh sé gur ghá do scoileanna díriú níos mó orthu san áireamh. | Ráithe 4 2023<br><br>Tuarascáil a fhoilsiú ar thorthaí na gcinntí cigireachta, lena n-áirítear sonraí ó shuirbhéanna ar leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.<br><br>Ráithe 1 2024-Ráithe 4 2027<br><br>Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar thuairimí leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí maidir le conas a dhéanann a scoil bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, agus úsáid á baint as sonraí ó shuirbhéanna agus ó fhócasghrúpaí a bailíodh ón tsamhail chigireachta nua chun measúnú a dhéanamh ar chur na cinn na folláine i scoileanna. |
| 1.12 | Déanfaidh an Roinn Oideachais plean a fhorbairt chun tacú le *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* na Roinne a chur chun cinn, a fheidhmiú agus a mheas agus mar chuid de sin díreofar ar chultúr scoile agus ar bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2023<br><br>Tús a chur le forbairt ar shamhail chigireachta nua chun a mheas an bhfuil straitéisí cuí i bhfeidhm ag scoileanna chun folláine a chur chun cinn, bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus cultúr scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn.<br><br>Ráithe 1 2024<br><br>An tsamhail nua chigireacht chun measúnú a dhéanamh ar chur chun cinn na folláine i scoileanna a fheidhmiú ar bhonn céimneach. |
| 1.13 | Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh bearta a íoslaghdaíonn an fhéidearthacht i gcomhair bulaíochta san áireamh sna treoirlínte do dhearadh foirgneamh scoile, agus béim ar leith ar fhorbairt a dhéanamh ar spásanna don fhoghlaim chomhroinnte agus chomhoibríoch agus don chaitheamh aimsire. | Ráithe 4 2024-Ráithe 4 2025<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsraith de Threoracha Dearaidh do Scoileanna lena chinntiú go soláthraítear timpeallachtaí oideachais a chuireann comhionannas chun cinn, a sholáthraíonn spásanna sábháilte, atá solúbtha, ionchuimsitheach agus a fhreagraíonn do riachtanais atá ag athrú de réir mar a thagann siad chun cinn. Lorgófar tuairimí leanaí agus daoine óga mar chuid den athbhreithniú. |



| Cultúr agus Timpeallacht | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 1.14 | Oibreoidh an Roinn Oideachais i gcomhar chun aird a dhíriú ar an ról tábhachtach atá ag foirne scoile agus ar an bhfreagracht atá orthu maidir le hiompar a léiriú atá bunaithe ar na luachanna eiticiúla a bhaineann le meas, ionracas, cúram agus iontaoibh. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2023<br><br>Dul i mbun plé leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir leis an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus an chaoi a dtagann sé leis na prionsabail in Cineáltas.<br><br>Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2023<br><br>Breithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir aird a tharraingt ar ról agus ar fhreagracht múinteoirí sa réimse sin agus iad a chur san áireamh i gcumarsáid a eisítear chuig na múinteoirí go léir atá cláraithe. |
| 1.15 | Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag tacú le hobair Webwise agus méadóidh sí an fheasacht ar an réimse acmhainní a sholáthraíonn sé mar an Lárionad Éireannach um Fheasacht Sábháilteacht Idirlín. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Leanúint ar aghaidh ag soláthar maoiniú bliantúil do Webwise chun tacú lena chuid oibre.<br><br>Ráithe 3 2023<br><br>Webwise chun Aonad Nua Foghlama don tSraith Shóisearach a sheoladh chun meas, comhbhá agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn ar líne. |
| 1.16 | Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag tacú leis an bhFeachtas Feasachta Seas Suas. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Leanúint ar aghaidh ag soláthar maoinithe chun tacú leis an bhFeachtas Feasachta Seas Suas. |
| 1.17 | Oibreoidh an Roinn Oideachais le grúpaí ábhartha chun clár ilghnéitheach de thionscnaimh múscailte feasachta a fhorbairt chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna, lena n-áirítear feasacht a mhúscailt i dtaca le cineálacha éagsúla bulaíochta (mar shampla bulaíocht ar líne, bulaíocht chiníoch, bulaíocht mhíchumais) agus aird á tarraingt ar an ról tábhachtach atá ag breathnóirí. | Ráithe 2 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Grúpa comhairleach a bhunú a mbeidh leanaí agus daoine óga san áireamh ann chun clár bliantúil éagsúil de thionscnaimh um múscailt feasachta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna. |

# 2 | Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Soláthraíonn curaclam atá ionchuimsitheach agus tacúil dár leanaí agus dár ndaoine óga, ina bhfuil oiliúint agus forbairt d'fhoireann uile na scoile, tacaíocht sheasmhach agus deiseanna don fhoghlaim chuimsitheach agus do chothú comhbhá.



## 2: Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Soláthróidh forfheidhmiú na mbeart atá rangaithe faoi Churaclam (Teagasc agus Foghlaim) tacaíocht sheasmhach agus deiseanna d'fhoghlaim ionchuimsitheach agus cruthú comhbhá. Bainfear é sin amach nuair a dhéanfar curaclam atá ionchuimsitheach agus tacúil a sholáthar dár leanaí agus dár ndaoine óga agus nuair a chuirfear oiliúint ar fáil do na baill foirne uile i scoileanna maidir le bearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

Tá gealltanas in Cineáltas oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí nuacháilithe, ceannairí scoile agus foireann uile na scoile maidir le bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn.

Tá gealltanas in Cineáltas cur leis an Dioplóma Iarchéime nua-fhorbartha ar Leibhéal 9 in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) do mhúinteoirí iar-bhunscoile ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2023. Tá an cúrsa sin á mhaoiniú ag an Roinn agus soláthraíonn sé conair do mhúinteoirí chun acmhainn agus ceannaireacht a fhorbairt taobh istigh de ghairm na múinteoireachta i dtaca le OSPS agus OCG a theagasc.

Is eol don Roinn an ról fíorthábhachtach atá ag tuismitheoirí maidir lena leanaí a choinneáil slán agus déileáil le hiompar bulaíochta. Tá sé mar aidhm ag Cineáltas tacú leis an ról sin agus chuige sin a chinntiú go bhfuil rochtain acu ar oiliúint atá cothrom le dáta agus inrochtana. Tabharfaidh an Roinn tacaíocht do bhoird bhainistíochta freisin sa ról tábhachtach maoirseachta atá acu trí oiliúint uasdátaithe a sholáthar.

Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag leanaí agus ag daoine óga maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus tá sé thar a bheith tábhachtach tacú leo chun an ról sin a chur i gcrích. Ar an gcúis sin, tá sé mar aidhm ag Cineáltas a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach scoil ar an gclár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE agus go ndéanfar modúil bhreise den chlár sin a fhorbairt.

I dtaca le forbairt curaclaim, tá athbhreithniú déanta ar churaclam OSPS/OCG na Sraithe Sóisearaí agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar na curaclaim a bhaineann le OSPS/OCG agus folláine sa tsraith shinsearach agus sa bhunscoil. Tá sé mar aidhm ag na hathbhreithnithe sin dul i ngleic le riachtanais foghlama aoisoiriúnaithe sna réimsí a bhaineann le toiliú; léiriú gnéasach agus caidreamh atá folláin agus dearfach, úsáid shábháilte an idirlín agus na meán sóisialta agus a thionchair ar chaidreamh agus ar fhéinmheas; agus féiniúlachtaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus aiteacha (LADTA+) agus cuideoidh sé chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Foilsíodh creatchuraclam na Bunscoile le déanaí freisin.


Chomh maith leis sin, tá gealltanas in Cineáltas go ndéanfar iarracht a chinntiú go ndéanann an litríocht agus na téacsleabhair a úsáidtear i scoileanna chun an curaclam níos leithne a theagasc éagsúlacht na sochaí a léiriú go dearfach agus go gcuireann siad comhionannas agus ionchuimsitheacht chun cinn.



| Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) | | |
|---|---|---|
| **Cuspóir**: Curaclam atá ionchuimsitheach agus tacúil a chinntiú dár leanaí agus dár ndaoine óga uile agus oiliúint agus forbairt a sholáthar do na foirne scoile go léir a sholáthraíonn tacaíocht sheasmhach agus deiseanna don fhoghlaim ionchuimsitheach agus do chruthú comhbhá. | | |
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 2.1 | Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun plé leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na hinstitiúidí ardoideachais (IAOanna) don oiliúint tosaigh múinteoirí (OTM) lena chinntiú go dtacaíonn na Caighdeáin leasaithe um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (Céim) le béim as an nua a chur ar an eolas agus na scileanna riachtanacha a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint chun go mbeidh ar a gcumas bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic go héifeachtach leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn Oideachais i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na hInstitiúidí Ardoideachais chun athruithe a chur i bhfeidhm de réir mar is gá. | Ráithe 1 2024-Ráithe 4 2025<br><br>Dul i mbun rannpháirtíochta leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na hInstitiúidí Ardoideachais, tríd an bpróiseas athbhreithnithe do Céim lena chinntiú go mbeidh an t-eolas agus na scileanna ag múinteoirí faoi oiliúint chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo. |
| 2.2 | Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic go héifeachtach leo agus cothromas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn san áireamh i bhfeidhmiú na mbeart ábhartha faoina Ráiteas Polasaí ar OTM. | Ráithe 3 2023<br><br>An ráiteas polasaí ar OTM a fhoilsiú.<br><br>Ráithe 4 2023<br><br>Dul i mbun plé le hInstitiúidí Ardoideachais OTM chun iad a chur ar an eolas faoi Cineáltas. |
| 2.3 | Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil do mhúinteoirí nuacháilithe (MNC) faoi láthair, chun aon acmhainní breise a shainaithint agus a fhorbairt, ar acmhainní iad atá cothrom le dáta agus atá de dhíth chun tacú le foghlaim MNC i réimsí amhail bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn Oideachais chun dul i ngleic le riachtanais ar bith a aithnítear. | Ráithe 1 2024<br><br>Dul i mbun plé le páirtithe leasmhara ábhartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní reatha do Mhúinteoirí Nuacháilithe.<br><br>Ráithe 2 2024-Ráithe 4 2024<br><br>Acmhainní a fhorbairt chun dul i ngleic le bearnaí ar bith sa soláthar do Mhúinteoirí Nuacháilithe. |

| Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 2.4 | Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar na cláir cheannaireachta atá aici faoi láthair agus leanfaidh sí ar aghaidh ag cinntiú go gcuimsíonn na cláir sin ábhar atá cothrom le dáta maidir le bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn chun dul i ngleic le riachtanais ar bith a aithnítear. | Ráithe 1 2024<br><br>Dul i mbun plé le páirtithe leasmhara ábhartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní reatha do cheannairí scoile.<br><br>Ráithe 2 2024-Ráithe 4 2024<br><br>Acmhainní a fhorbairt chun dul i ngleic le bearnaí ar bith sa soláthar do cheannairí scoile. |
| 2.5 | Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag feidhmiú agus ag leathnú cáilíocht iarchéime do mhúinteoirí OSPS in iar-bhunscoileanna chun cabhrú le múinteoirí an t-eolas ar ábhar, an mhuinín agus na scileanna a fháil chun OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a phleanáil agus a sholáthar agus chun foghlaim scoláirí a bhaineann le gach gné den tsonraíocht a éascú, lena n-áirítear bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. | Ráithe 1 2023<br><br>Tús a chur le soláthar cláir iarchéime do OSPS/OCG do mhúinteoirí iar-bhunscoile.<br><br>Ráithe 3 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Leanúint ar aghaidh le soláthar cláir iarchéime do OSPS/OCG do mhúinteoirí iar-bhunscoile. |
| 2.6 | Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh rochtain ag foireann uile na scoile ar oiliúint atá cothrom le dáta maidir le bearta chun chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. | Ráithe 1 2024<br><br>Dul i mbun plé le páirtithe leasmhara ábhartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní reatha d'foirne scoile.<br><br>Ráithe 2 2024-Ráithe 4 2024<br><br>Acmhainní a fhorbairt chun dul i ngleic le bearnaí ar bith sa soláthar d'fhoirne scoile. |
| 2.7 | Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag feidhmiú FGL ar bhonn céimneach, chun tacú le feidhmiú an *Ráitis Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* i ngach scoil faoin mbliain 2025. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2024<br><br>Tús a chur le seimineáir lae iomláin do chohórt nua scoileanna (an tríú ceann) i scoilbhliain 2023/2024. |

| Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 2.8 | Spreagfaidh an Roinn Oideachais foirne teagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna chun leas a bhaint as na cúrsaí nua ar líne ón Roinn Oideachais ar ábhar na bulaíochta ar líne (cibearbhulaíocht) chun an t-eolas, na hacmhainní agus an mhuinín atá riachtanach a sholáthar d'fhoirne scoile ionas go mbeidh ar a gcumas teagasc faoi chibearbhulaíocht agus chomh maith leis sin dul i ngleic le heachtraí cibearbhulaíochta de réir mar a thagann siad chun cinn. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br>Tús a chur le soláthar cúrsaí cibearbhulaíochta ar líne (ceann do bhunscoileanna agus ceann d'iar-bhunscoileanna) ag SFGM agus iad a chur chun cinn ar fud ardán lena n-áirítear, suíomhanna gréasáin, nuachtlitreacha agus na meáin shóisialta. |
| 2.9 | Déanfaidh an Roinn Oideachais an oiliúint frithbhulaíochta do bhoird bhainistíochta a uasdátú chun tacú leis an ról maoirseachta atá acu i dtaca le bulaíocht agus chun tacú leo maidir le dul i ngleic le himní tuismitheoirí i dtaca le hiompar bulaíochta líomhnaithe. | Ráithe 2 2023-Ráithe 4 2023<br>Dul i mbun plé le páirtithe leasmhara ábhartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint reatha do bhoird bhainistíochta agus í a uasdátú. |
| 2.10 | Cinnteoidh an Roinn Oideachais go bhfuil oiliúint atá cothrom le dáta agus inrochtana ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí chun eolas agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le dul i ngleic le bulaíocht, go háirithe i gcás bulaíocht ar líne (cibearbhulaíocht) agus a leanaí a choinneáil sábháilte ar líne. | Ráithe 2 2023-Ráithe 3 2023<br>Tacú le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (CNT) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint reatha do thuismitheoirí leanaí i mbunscoileanna agus í a uasdátú agus acmhainní a fhorbairt do thuismitheoirí daoine óga in iar-bhunscoileanna.<br>Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br>Leanúint de bheith ag soláthar maoiniú bliantúil do Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí chun cabhrú le soláthar oiliúna do thuismitheoirí. |





| Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 2.11 | Déanfar athbhreithniú ar churaclam OSPS/OCG ar fud bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus déanfar é a uasdátú lena chinntiú go gcuimsíonn sé, ar bhealach aoisoiriúnach, réimsí a bhaineann le toiliú; léiriú gnéasach agus caidreamh atá sláintiúil agus dearfach; an t-Idirlíon agus na meáin shóisialta a úsáid ar bhealach sábháilte agus a thionchar ar chaidreamh agus féinmheas; agus féiniúlachtaí LADTA+. | Ráithe 3 2023<br>An tsonraíocht nua do OSPS/OCG na Sraithe Sóisearaí a fheidhmiú in iar-bhunscoileanna.<br>Ráithe 3 2023<br>An dréachtsonraíocht do OSPS/OCG na Sraithe Sinsearaí a thabhairt chun críche i gcomhair comhairliúchán poiblí.<br>Ráithe 1 2024<br>An dréachtsonraíocht do OSPS/OCG do bhunscoileanna a thabhairt chun críche i gcomhair comhairliúchán poiblí.<br>Ráithe 3 2024<br>An tsonraíocht nua do OSPS/OCG na Sraithe Sinsearaí a fheidhmiú in iar-bhunscoileanna.<br>Ráithe 3 2025<br>An tsonraíocht nua do OSPS/OCG do bhunscoileanna a fheidhmiú i mbunscoileanna. |
| 2.12 | Cuimseoidh an clár OSPS uasdátaithe don tSraith Shóisearach ábhar maidir le cairdeas a stiúradh ar líne, lena n-áirítear conas bulaíocht ar líne a aithint agus conas freagairt di. | Ráithe 1 2023<br>An tsonraíocht nua do OSPS/OCG na Sraithe Sóisearaí a fhoilsiú agus tús a chur le FGL.<br>Ráithe 3 2023<br>An tsonraíocht nua do OSPS/OCG na Sraithe Sóisearaí a fheidhmiú. |
| 2.13 | Tacóidh an t-athbhreithniú agus an athfhorbairt ar churaclam na bunscoile le foghlaim atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de i ngach gné den churaclam, lena n-áirítear bulaíocht agus ciníochas a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn, sábháilteacht ar líne san áireamh. Déanfar am curaclaim atá dóthanach a sholáthar dó sin. | Ráithe 1 2023<br>Creatchuraclam na Bunscoile a fhoilsiú.<br>Ráithe 1 2024<br>Dréachtsonraíocht na Folláine do bhunscoileanna (lena n-áirítear OSPS/OCG) a thabhairt chun críche i gcomhair comhairliúchán poiblí.<br>Ráithe 3 2025<br>Sonraíocht nua na Folláine do bhunscoileanna (lena n-áirítear OSPS/OCG) a thabhairt isteach.<br>Ráithe 3 2025<br>Curaclam nua na Bunscoile a thabhairt isteach seachas Curaclam Matamaitice na Bunscoile a thabharfar isteach sa scoilbhliain 2023/24. |

| Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 2.14 | Cuirfidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a gcuid oibre chun cinn i dtaca le teagasc agus foghlaim faoi Chultúr agus Stair an Lucht Siúil laistigh den churaclam. | Ráithe 1 2023<br>Tuarascáil Taighde ar Chultúr agus Stair an Lucht Siúil a fhoilsiú.<br>Ráithe 3 2023-Ráithe 4 2023<br>Acmhainn ina bhfuil samplaí den chleachtas maidir le teagasc agus foghlaim faoi chultúr agus stair an Lucht Siúil a bailíodh ó shuíomhanna luathóige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun tacú le múinteoirí, cleachtóirí agus scoláirí maidir le tuiscint a fháil ar chultúr agus ar stair an Lucht Siúil agus meas a léiriú orthu. |
| 2.15 | Déanfaidh an CNCM athbhreithniú agus uasdátú ar na Treoirlínte Idirchultúrtha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna chun an t-oideachas idirchultúrtha a chomhtháthú tuilleadh sa churaclam. | Ráithe 4 2023<br>Tuairisc a fhoilsiú ar an athbhreithniú ar na treoirlínte idirchultúrtha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna. |
| 2.16 | Cinnteoidh an CNCM go mbeidh litríocht a thugann léiriú dearfach ar éagsúlacht na sochaí agus a chuireann comhionannas agus ionchuimsitheacht chun cinn san áireamh sna liostaí téacsanna óna roghnaíonn iar-bhunscoileanna téacsanna chun tacú le teagasc agus foghlaim. | Ráithe 1 2023<br>Eolas a thabhairt don CNCM maidir le *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.<br>Ráithe 1 2023<br>Liostaí téacsanna leasaithe do Bhéarla na hArdteistiméireachta a fhoilsiú.<br>Ráithe 3 2023<br>Liostaí téacsanna leasaithe do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí a fhoilsiú.<br>Ráithe 4 2023<br>Tús a chur leis an obair ar liostaí téacsanna leasaithe do Ghaeilge na hArdteistiméireachta<br>Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2023<br>Ábhair thacaíochta a fhoilsiú mar chuid den fhoireann uirlisí ar líne do OSPS/OCG.<br>Ráithe 1 2023<br>Tuarascáil taighde a fhoilsiú ar na nósanna imeachta maidir le liostaí téacsanna a athbhreithniú agus a uasdátú.<br>Ráithe 3 2023<br>Tuarascáil taighde a fhoilsiú ar an mbealach is fearr chun tacú le rannpháirtíocht scoláirí in athbhreithniú agus in uasdátú liostaí téacsanna. |

| Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 2.17 | Rachaidh an CNCM, thar ceann na Roinne, i dteagmháil le foilsitheoirí téacleabhar scoile chun an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go léiríonn an t-ábhar ina gcuid téacsleabhar éagsúlacht na sochaí agus go gcuireann sé comhionannas agus ionchuimsitheacht chun cinn. | Ráithe 1 2023<br>Eolas a thabhairt do Chumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann (IEPA) ar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.<br>Ráithe 2 2023<br>An CNCM agus an IEPA chun dul i mbun plé maidir le forfheidhmiú an bhirt seo. |
| 2.18 | Oibreoidh an Roinn Oideachais le hIonad Frithbhulaíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) chun a shocrú go mbeidh fáil ar an gclár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE agus go ndéanfar é a chur chun cinn i scoileanna. Leanfaidh Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC de bheith ag uasdátú an chláir bunaithe ar thaighde agus ar aiseolas. | Ráithe 2 2023-Ráithe 4 2023<br>Dul i mbun plé leis an Ionad Frithbhulaíochta chun plean a fhorbairt d'fheidhmiú an bhirt seo.<br>Ráithe 4 2024<br>A chinntiú go mbeidh fáil níos forleithne ar an gclár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE agus go ndéanfar é a chur chun cinn do scoileanna. |
| 2.19 | Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt ar mhodúil eile den chlár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE a mhaoiniú do gach bliain san iar-bhunscoil agus do na blianta cuí sa bhunscoil. | Ráithe 2 2023-Ráithe 3 2023<br>Tacú le tuilleadh modúl den chlár FUSE a fhorbairt don séú rang agus don chéad bhliain.<br>Ráithe 4 2023<br>Clár píolótach de na modúil bhreise a reáchtáil.<br>Ráithe 2 2024<br>Modúil bhreise a chur ar fáil do scoileanna.<br>Ráithe 1 2024<br>Breithniú a dhéanamh ar fhorbairt modúl breise. |
| 2.20 | Nuair a bheidh a n-obair frithbhulaíochta á forbairt acu, beidh sé riachtanach go gcloífidh scoileanna leis an treoir dea-chleachtais do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó éascaitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn i gcomhréir le *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* na Roinne Oideachais. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br>Tacú le scoileanna chun cloí leis an treoir don dea-chleachtas maidir le cláir agus/nó éascaitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn. |



# 3 | Polasaí agus Pleanáil

Aithníonn agus saibhríonn polasaithe agus pleanáil atá oiriúnaitheach agus freagrúil agus ina bhfuil leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh, na comhpháirtithe oideachais agus na príomhpháirtithe leasmhara mar rannpháirtithe gníomhacha agus iad ag obair i gcomhar leis an Rialtas, an ról atá againn maidir le bulaíocht a chosc i scoileanna na hÉireann.

## 3: Polasaí agus Pleanáil

Tacóidh forfheidhmiú na mbeart atá rangaithe faoi pholasaí agus faoi phleanáil le forbairt agus feidhmiú polasaithe atá oiriúnaitheach agus freagrúil, áit ar féidir le gach duine oibriú leis an Rialtas chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi inár scoileanna.

Tá gealltanas in Cineáltas na nósanna imeachta frithbhulaíochta do bunscoileanna agus d'iar-bhunscoile a uasdátú chun bulaíocht maidir le féiniúlacht inscne, cibearbhulaíocht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht ghnéasach agus ciapadh gnéasach a chur san áireamh. Soláthróidh na nósanna imeachta uasdátaithe tacaíocht agus treoir do scoileanna maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus déanfar foráil iontu do thuairisciú, do mhaoirseacht agus do chórais athbhreithnithe feabhsaithe. Déanfar na nósanna imeachta a fhorbairt agus a uasdátú bunaithe ar ionchur ó bhaill uile phobal na scoile agus cuirfidh measúnú riosca bonn eolais fúthu. Cuirfidh comhthiomsú sonraí náisiúnta ar fhorleithne na bulaíochta agus bearta atá rathúil maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi bonn eolais faoi pholasaí ar leibhéal na scoile agus ar an leibhéal náisiúnta, taighde, forbairt ghairmiúil agus feachtais um múscailt feasachta.

Cabhróidh uasdátú ar *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna 2008* agus acmhainní chun tacú le daltaí agus scoláirí LADTA+ i scoileanna le hailíniú a chinntiú ar fud polasaithe gaolmhara eile.

Ceapadh Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne i mí Eanáir 2023 tar éis thosach feidhme an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus Meán ag deireadh 2022. Tá gealltanas in Cineáltas go rachaidh an Roinn i mbun plé leis an gCoimisinéir um Shábháilteacht ar Líne agus go mbeidh sí rannpháirteach sa Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (CCNSL) chun tacú lena gcuid oibre maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

Gealltanas an-tábhachtach in Cineáltas is ea Grúpa Forfheidhmithe agus Measúnachta a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na mbeart agus ar fhoilsiú tuarascálacha bliantúla maidir le forfheidhmiú agus measúnacht. Cuirfidh aiseolas ó leanaí agus ó dhaoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile, comhpháirtithe oideachais, príomhpháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí ábhartha bonn eolais fúthu. De bharr an aiseolais sin, beifear ábalta athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus coigeartuithe a dhéanamh ar an bplean forfheidhmithe thar a shaolré de réir mar is cuí.



## Polasaí agus Pleanáil

**Cuspóir**: Polasaithe agus pleanáil atá oiriúnaitheach agus freagrúil a fhorbairt agus a fheidhmiú, áit a mbeidh leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh, na comhpháirtithe oideachais agus na príomhpháirtithe leasmhara ina rannpháirtithe gníomhacha ag obair leis an Rialtas chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna na hÉireann.

| Uimhir | Beart | Forfheidhmiú |
|---|---|---|
| 3.1 | Scrúdóidh an Roinn Oideachais conas is féidir le scoileanna eachtraí inar líomhnaíodh iompar bulaíochta a thaifeadadh ar bhealach anaithnidithe, ina mbeidh faisnéis faoin gcineál iompair, an cur chuige a glacadh chun dul i ngleic leis an iompar agus an toradh. Déanfaidh scoileanna athbhreithniú rialta ar a dtaifid d'eachtraí inar líomhnaíodh iompar bulaíochta chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint, chun eochairphointí foghlama a aithint agus chun breithniú a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ionas nach dtarlóidh a leithéid arís. | Ráithe 3 2023<br><br>Nósanna imeachta frithbhulaíochta uasdátaithe do scoileanna a fhoilsiú, a mbeidh treoir chun eachtraí inar líomhnaíodh iompar bulaíochta a thaifeadadh san áireamh iontu. |
| 3.2 | Cuirfidh an Roinn Oideachais forbairt ar bhunachar sonraí náisiúnta chun cinn chun tiomsú sonraí ar bhealach anaithnidithe a éascú le forbairt ar thuarascáil bhliantúil náisiúnta ar bhulaíocht i scoileanna a éascú. | Ráithe 3 2023-Ráithe 4 2023<br><br>Tabhairt faoi bheart scóipe agus an bunachar sonraí a fhorbairt.<br><br>Ráithe 1 2024-Ráithe 2 2024<br><br>Clár píolótach an bhunachair sonraí a reáchtáil.<br><br>Ráithe 3 2025<br><br>An chéad tuarascáil bhliantúil ar shonraí ón scoilbhliain 2024/2025 a fhoilsiú. |
| 3.3 | Déanfar na nósanna imeachta frithbhulaíochta bunscoile agus iar-bhunscoile a uasdátú chun bulaíocht maidir le féiniúlacht inscne, cibearbhulaíocht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht ghnéasach agus ciapadh gnéasach a chur san áireamh. Cuirfidh na nósanna imeachta sin treoir ar fáil freisin maidir le cathain a dhéantar Ábhar Imní um Chosaint Leanaí d'eachtra bhulaíochta, cinnteoidh siad go mbeidh maoirseacht chuí ar leibhéal na scoile agus cinnteoidh siad go ndéanfar polasaí frithbhulaíochta scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhar le pobal uile na scoile. | Ráithe 1 2023-Ráithe 3 2023<br><br>Forbairt a dhéanamh ar nósanna imeachta uasdátaithe frithbhulaíochta do scoileanna agus iad a fhoilsiú.<br><br>Ráithe 3 2023-Ráithe 4 2023<br><br>FGL a sholáthar agus nósanna imeachta frithbhulaíochta uasdátaithe a fheidhmiú i scoileanna. |


| Polasaí agus Pleanáil | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 3.4 | Déanfaidh an Roinn Oideachais doiciméid teimpléid éigeantacha don fhrithbhulaíocht a fhorbairt chun cabhrú le scoileanna a nósanna imeachta frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Ráithe 1 2023-Ráithe 3 2023<br><br>Doiciméid teimpléid don fhríthbhulaíocht a fhorbairt agus a fhoilsiú. |
| 3.5 | Beidh ar scoileanna a chinntiú go bhfuil a bpolasaí frithbhulaíochta inrochtana agus go bhfuil sé ar fáil do phobal uile na scoile. | Ráithe 3 2023-Ráithe 4 2023<br><br>Tús a chur le forfheidhmiú céimnithe na nósanna imeachta uasdátaithe maidir leis an bhfrithbhulaíocht. |
| 3.6 | Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú agus uasdátú ar an Acmhainn *Taithí Mhuintir LADTA ar Scoil*. | Ráithe 1 2024-Ráithe 4 2024<br><br>Forbairt a dhéanamh ar an acmhainn *Taithí Mhuintir LADTA ar Scoil* agus í a fhoilsiú. |
| 3.7 | Déanfaidh Tusla athbhreithniú agus uasdátú ar *Chód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna 2008* chun léiriú a dhéanamh ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta reatha na Roinne Oideachais do scoileanna lena n-áirítear *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* lena chinntiú go bhfuil dóthain uirlisí ag scoileanna chun dul i ngleic le fadhbanna bulaíochta de réir mar a thagann siad chun cinn. | Ráithe 2 2023-Ráithe 4 2023<br><br>An doiciméad uasdátaithe *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna* de chuid Tusla a fhorbairt agus a fhoilsiú. |
| 3.8 | Déanfaidh an Roinn Oideachais breis taighde a shainaithint agus a thionscnamh maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi chun tacú le scaipeadh an dea-chleachtais agus chun fianaise a sholáthar i gcomhair tuilleadh forbartha ar pholasaí agus i gcomhair cinnteoireachta. | Ráithe 1 2024-Ráithe 4 2027<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha forfheidhmithe agus measúnachta do *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* chun tuilleadh taighde ar bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi a shainaithint agus a thionscnamh. |
| 3.9 | Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun rannpháirtíochta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán maidir le ról an Choimisinéara um Shábháilteacht ar Líne. | Ráithe 3 2023<br><br>Dul i mbun plé leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le ról an Choimisinéara um Shábháilteacht ar Líne agus eolas a thabhairt dóibh ar pholasaithe ábhartha na Roinne, lena n-áirítear *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*. |

| Polasaí agus Pleanáil | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 3.10 | Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun plé leis an gCoimisinéir um Shábháilteacht ar Líne nuair a dhéanfar é nó í a cheapadh, go háirithe maidir leis na bealaí ar féidir le cuideachtaí meán sóisialta tacú le bearta chun bulaíocht i measc leanaí a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna agus ar líne. | Ráithe 3 2023<br><br>Dul i mbun plé leis an gCoimisinéir um Shábháilteacht ar Líne chun eolas a thabhairt don Choimisinéir ar pholasaithe ábhartha na Roinne, lena n-áirítear *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus chun sceideal rannpháirtíochta ar bhonn tréimhsiúil a aontú. |
| 3.11 | Beidh ionadaíocht ag an Roinn Oideachais i gcónaí ar an gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (CCNSL), a bhfuil comhairle a sholáthar don Rialtas maidir le ceisteanna polasaí a bhaineann le sábháilteacht ar líne agus ionchur a bheith aici i bhforbairt ábhar treorach um shábháilteacht ar líne do gach úsáideoir idirlín i measc na gcúramaí atá uirthi. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br><br>Leanúint de bheith ag cur le hobair na Comhairle Comhairlí Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne. |
| 3.12 | Bunóidh an Roinn Oideachais grúpa forfheidhmithe chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*. Déanfar clár measúnachta agus athbhreithnithe, lena n-áirítear tuairiscí rialta ar dhul chun cinn a fhoilsiú, a fhorbairt mar chuid den phlean forfheidhmithe. | Ráithe 2 2023<br><br>Grúpa forfheidhmithe agus grúpaí oibre a bhunú de réir mar is cuí.<br><br>Ráithe 1 2024<br><br>An chéad tuarascáil bhliantúil ar fhorfheidhmiú agus ar mheasúnacht a fhoilsiú, ina mbeidh aiseolas ó leanaí agus ó dhaoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile, comhpháirtithe oideachais agus príomhpháirtithe leasmhara eile. |



# 4 | Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

Cuireann cur chun cinn na forbartha ar chaidrimh agus ar chomhpháirtíochtaí idir leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh agus pobal na scoile feabhas ar ár líonraí agus ar an tuiscint atá againn ar eispéiris a chéile i sochaí na hÉireann.



## 4: Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

Cuirfidh forfheidhmiú na mbeart atá rangaithe faoi chaidreamh agus comhpháirtíochtaí feabhas ar ár dtuiscint ar eispéiris agus ar dhearcthaí a chéile mar go soláthróidh sé agus go gcuirfidh sé chun cinn deiseanna chun caidreamh agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh agus pobal na scoile.

Tá roinnt beart in Cineáltas atá dírithe ar a chinntiú go bhféadfaidh leanaí agus daoine óga a bheith páirteach ar bhealach fónta i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaí ar leibhéal na scoile agus ar an leibhéal náisiúnta. Tá an gealltanas aonad tiomnaithe a bhunú sa Roinn chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i bhforbairt agus i bhfeidhmiú pholasaí na Roinne mar phríomhbheart in Cineáltas agus cinnteoidh sé go mbeidh leanaí agus daoine óga rannpháirteach ar bealach fónta i ngach réimse de pholasaí na Roinne.

Cabhróidh dul chun cinn an Bhille Cairte agus bunú comhairlí na scoláirí atá ionadaíoch i ndáiríre don phobal scoláirí i scoil lena chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht fhónta ag leanaí agus ag daoine óga ar leibhéal na scoile.

Tacaíonn Cineáltas le scoileanna chun foghlaim óna chéile agus oibriú le chéile chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus trí úsáid a bhaint as cnuasaigh scoileanna chun comhroinnt straitéisí agus tionscnaimh éifeachtacha a éascú.

Le feidhmiú Cineáltas, beidh rochtain níos fearr ag ár leanaí agus ag ár ndaoine óga ar thionscnaimh chun folláine agus meabhairshláinte a fheabhsú trí réimse beart, lena n-áirítear rochtain ar thacaíochtaí comhairleoireachta i mbunscoileanna roghnaithe, rochtain ar shíceolaithe SNSO agus múscailt feasachta agus soláthar eolais níos forleithne maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil.

Tá gealltanas in Cineáltas go ndéanfar an suíomh gréasáin tacklebullying.ie a uasdátú chun díriú ar eolas inrochtaine a sholáthar do leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go sásóidh an t-eolas ar an suíomh gréasáin na riachtanais atá ag na pobail éagsúla ar bhealach inrochtana.

Tá gealltanas in Cineáltas go leanfar ar aghaidh leis an tacaíocht don obair atá ar siúl ag an Lárionad Náisiúnta Frithbhulaíochta. Cinnteoidh sé sin gur féidir leis an Roinn brath i gcónaí ar thaighde agus ar léargais atá cothrom le dáta faoi eispéiris leanaí, daoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile Éireannacha, chomh maith le léargais ó thaighde idirnáisiúnta.



## Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

**Cuspóir**: Forbairt ar chaidreamh agus ar chomhpháirtíochtaí idir leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh agus pobal na scoile a chur chun cinn agus dá réir sin go gcuirfear feabhas ar ár líonraí agus ar an tuiscint atá againn ar eispéiris a cheile i sochaí na hÉireann.

| Uimhir | Beart | Forfheidhmiú |
|---|---|---|
| 4.1 | Beidh ar scoileanna dul i mbun rannpháirtíochta lena gcuid daltaí agus lena gcuid scoláirí chun tacú le tionscnaimh frithbhulaíochta agus folláine atá faoi stiúir daltaí agus scoláirí agus iad a chur chun cinn. Soláthróidh an Roinn Oideachais treoir do scoileanna chun é sin a éascú i gcomhréir leis an *gCreat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht*. | Ráithe 2 2024<br><br>Treoir a thabhairt do scoileanna maidir le dul i mbun rannpháirtíochta lena gcuid daltaí agus lena gcuid scoláirí chun tacú le tionscnaimh frithbhulaíochta atá faoi stiúir daltaí agus scoláirí. |
| 4.2 | Spreagfaidh an Roinn Oideachais scoileanna chun comhairlí na scoláirí a bhunú, ar comhairlí iad atá ionadaíoch do dhaltaí agus do scoláirí sa scoil. | Ráithe 3 2023-Ráithe 2 2024<br><br>Athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar *Chomhairlí na Scoláirí* 2022 *Guth do scoláirí* mar acmhainn chun tacú le bunú chomhairlí na scoláirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. |
| 4.3 | Bunóidh an Roinn Oideachais aonad tiomnaithe chun guth leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus lena chinntiú go bhfuil ionchur fónta acu i bhforbairt pholasaí na Roinne. | Ráithe 2 2023<br><br>Aonad tiomnaithe a bhunú le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i bhforbairt agus i bhfeidhmiú pholasaí na Roinne a chur chun cinn.<br><br>Ráithe 2 2023<br><br>Sainghrúpa a bhunú chun tacú le hobair an aonaid agus comhairle a thabhairt ina leith.<br><br>Ráithe 4 2023<br><br>An tuarascáil ón Sainghrúpa a fhoilsiú. |

| Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 4.4 | Cuirfidh an Roinn Oideachas an Bille Cairte chun cinn trí Thithe an Oireachtais agus déanfaidh sí forbairt ar Threoirlínte Cairte a neartóidh guth agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú polasaithe scoileanna lena n-áirítear a bpolasaí frithbhulaíochta. | Ráithe 2 2023<br>Leanúint den phlé le páirtithe leasmhara maidir leis an mBille Cairte chun an reachtaíocht a chur chun cinn. |
| 4.5 | Spreagfaidh an Roinn Oideachais scoileanna chun teacht le chéile lena bpobal scoile, lena n-áirítear grúpaí ionadaíocha, chun cnuasaigh a bhunú chun tionscnaimh a bhaineann le folláine a chur chun cinn agus chun dea-chleachtas agus nuálaíochtaí a roinnt agus iad dírithe go háirithe ar bhulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. | Ráithe 3 2024<br>Clár píolótach na gcnuasach folláine a reáchtáil.<br>Ráithe 3 2025<br>Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an tsamhail phíolótach. |
| 4.6 | Soláthróidh an Roinn Oideachais clár píolótach de thacaíochtaí comhairleoireachta do bhunscoileanna. | Ráithe 2 2023-Ráithe 4 2023<br>Clár tacaíochtaí comhairleoireachta a reáchtáil ar bhonn píolótach.<br>Ráithe 1 2024<br>Measúnú a dhéanamh ar an gclár píolótach. |
| 4.7 | Leanfaidh an Roinn Oideachais uirthi ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar thacaíochtaí folláine agus meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear múscailt feasachta, iompar a lorgaíonn cabhair a chur chun cinn, agus comharthaí eolais a sholáthar chuig na seirbhísí atá ar fáil. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br>Dul i mbun plé leis an Roinn Sláinte ar bhonn rialta.<br>Ráithe 2 2024<br>Prótacal a fhorbairt ar an bpróiseas idirchaidrimh ba cheart a bheith i bhfeidhm idir scoileanna agus na seirbhísí meabhairshláinte i gcomhair leis an Roinn Sláinte agus FSS. |

| Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 4.8 | Méadóidh an Roinn Oideachais líon na Síceolaithe SNSO atá ar fáil laistigh d'earnáil na scoileanna agus déanfaidh sí bearta réamhghníomhacha chun staidéar ar shíceolaíocht an oideachais a chur chun cinn. | Ráithe 1 2023<br>Tús a chur le hearcaíocht.<br>Ráithe 1 2023-Ráithe 2 2023<br>Réitigh eatramhacha a fheidhmiú chun tacú le pleanáil an fhórsa oibre in SNSO.<br>Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br>Leanúint ar aghaidh ag obair leis na hInstitiúidí Ardoideachais chun an líon daoine atá ar na cúrsaí oiliúna atá ann faoi láthair a mhéadú agus próifíl shíceolaíocht an oideachais mar ghairm a ardú ag imeachtaí gairme d'fhochéimithe síceolaíochta agus ag imeachtaí gairme Chumann Síceolaíochta na hÉireann. |
| 4.9 | Cuirfidh an Roinn Oideachais cuspóirí an Phlean Náisiúnta Rochtana 2022 – 2028 chun cinn chun líon na mac léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht atá ag dul le hoiliúint tosaigh múinteoirí a mhéadú ionas go léireoidh gairm na múinteoireachta éagsúlacht shochaí na hÉireann. | Ráithe 2 2023-Ráithe 4 2024<br>Forbairt a dhéanamh ar shonraí bonnlíne breise i dtaca le héagsúlacht i gcláir oiliúna tosaigh múinteoirí ó ghrúpaí tosaíochta faoin bPlean Náisiúnta Rochtana.<br>Ráithe 2 2023-Ráithe 4 2024<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar an Chláir um Rochtain ar Ardoideachais (CRAO1) ar scoláirí ó ghrúpaí tosaíochta agus a gcumas rochtain a fháil ar OTM, lena n-áirítear riachtanais iontrála a shásamh agus na constaicí a bhaineann le rochtain a shárú i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE). |
| 4.10 | Déanfar an suíomh gréasáin tacklebullying.ie a uasdátú ionas go mbeidh an t-ábhar atá air níos inrochtana do leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile agus go mbeidh samplaí den dea-chleachtas ar leibhéal na scoile ann. Nuair a bheidh sé uasdátaithe, déanfar feachtas feasachta a fhorbairt chun an suíomh gréasáin agus an t-eolas atá ar fáil air a chur chun cinn. | Ráithe 2 2023-Ráithe 4 2023<br>Beart scóipe a reáchtáil chun riachtanais úsáideoirí a shainaithint.<br>Ráithe 2 2023<br>Grúpa comhairleach a bhunú chun an suíomh gréasáin a athbhrandáil agus a uasdátú lena chinntiú go sásaíonn an t-ábhar na riachtanais atá ag úsáideoirí éagsúla agus go bhfuil sé inrochtana. |

| Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí | | |
|---|---|---|
| **Uimhir** | **Beart** | **Forfheidhmiú** |
| 4.11 | Déanfaidh an Roinn Oideachais an liosta d'acmhainní folláine atá ar fáil do leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile a uasdátú chun go gcuimseoidh sé acmhainní sa réimse a bhaineann le bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. | Ráithe 3 2023<br>Liosta uasdátaithe d'acmhainní folláine a fhoilsiú.<br>Clár leanúnach athbhreithnithe a reáchtáil. |
| 4.12 | Leanfaidh an Roinn Oideachais ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don obair atá ar siúl ag an Lárionad Náisiúnta Taighde um Fhrithbhulaíocht in OCBÁC. | Ráithe 1 2023-Ráithe 4 2027<br>Leanúint ar aghaidh ag soláthar maoiniú bliantúil don Lárionad Frithbhulaíochta chun tacú lena chuid oibre. |



# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| FGL | Forbairt ghairmiúil leanúnach |
| OCBÁC | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| IAO | Institiúid ardoideachais |
| IEPA | Cumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann |
| OTM | Oiliúint tosaigh múinteoirí |
| LADTA+ | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Aiteach |
| CCNSL | An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| MNC | Múinteoir nuacháilithe |
| CRAO | Clár um Rochtain ar Ardoideachas |
| SFGM | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| OCG | Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta |
| OSPS | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| FMS | Féinmheastóireacht scoile |
| NA | Na Náisiúin Aontaithe |
| EOECNA | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe |
| MSU | Meastóireacht scoile uile |

# Notaí

